

Scuainí sna stáisiúin

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na scuainí atá i stáisiúin pheitрил i Sasana. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí cur síos ar an ngrianghraf thíos. Cad é ábhar na míre, dar libh?



Ceist 2

Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla thíos.

- | | |
|----------------------------|---------------------------------|
| 1. <i>emergency powers</i> | a. <i>an bhrúisc</i> |
| 2. <i>fuel shortage</i> | b. <i>b'éigean</i> |
| 3. <i>it was necessary</i> | c. <i>dlíthe iomaíochta</i> |
| 4. <i>supervisors</i> | d. <i>cumhachtaí éigeandála</i> |
| 5. <i>nearby</i> | e. <i>cuir ar fionraí</i> |
| 6. <i>the rush</i> | f. <i>slabhra soláthair</i> |
| 7. <i>fuel deliveries</i> | g. <i>in aice láimhe</i> |
| 8. <i>competition laws</i> | h. <i>ganntanas breosla</i> |
| 9. <i>suspend</i> | i. <i>seachadtaí breosla</i> |
| 10. <i>supply chain</i> | j. <i>maoirseoirí</i> |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas.

1. Tá ganntanas breosla ann mar go bhfuil daoine ag fáil peitрил nuair nach bhfuil gá acu leis.

VIFAX 30 Meán Fómhair 2021
Bunleibhéal

2. Tá Rialtas na Breataine chun cumhachtaí éigeandála a úsáid chun dul i ngleic leis an nganntanas.
3. Tá Rialtas na Breataine chun tancaeir bhreosla a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis an nganntanas.
4. Cuirfear dlíthe iomaíochta ar fionraí le deis a thabhairt do chomhlachtaí áirithe níos mó airgid a shaothrú
5. Tá an dainséar ann go rachaidh tiománaithe leoraí na hÉireann go dtí an Bhreatain chun obair a fháil.
6. Tá eagla ar Ruairí Ó Murchú go mbeidh fadhbanna sa slabhra soláthair anseo in Éirinn.
7. Tá cúig mhíle tiománaí leoraí ag teastáil in Éirinn faoi láthair, dar le Eugene Drenann.

Ceist 4

Éist leis an mír arís.

Aimsigh cúig fhocal ón mír le cur faoi gach teideal sa bhosca. Tá sampla déanta duit.

ainmfhocal	aidiacht	briathar	réamhfhocal simplí	forainm réamhfhoclach
scuaine	fada	tar	le	acu

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 5

An féidir leat na nathanna comhchiallacha leis na nathanna thíos a aimsiú sa mhír?

- ✓ aghaidh a thabhairt ar
- ✓ lasmuigh
- ✓ an tseachtain seo caite
- ✓ go dtiocfadh
- ✓ dá bhrí
- ✓ seans
- ✓ le haghaidh
- ✓ a chur i gcrích

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An raibh ort féin fanacht i scuaine ar feadh tamall fada riamh? Inis an scéal.
2. Cad is cúis leis an nganntanas breosla seo, dar leat féin?
3. Cén fáth a bhfuil muid fós ag úsáid breosla in ainneoin an dochair a dhéanann sé don timpeallacht?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc.

Ceist 2

Tá an cheist seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	h	b	j	g	a	i	c	e	f

Ceist 3

1. Fíor, de réir Rúnaí Comhshaoil Shasana, George Eustice. Ach is léir go raibh ganntanas breosla ann roimhe sin mar sin féin.
2. Fíor.
3. Bréagach. Deir George Eustice nach mbeidh sé sin i gceist.
4. Bréagach. Cuirfear dlíthe iomaíochta ar fionraí, ach déanfar amhlaidh le deis a thabhairt do chomhlachtaí ola díriú isteach ar na stáisiúin is measa atá buailte.
5. Fíor.
6. Fíor.
7. Bréagach. Tá trí mhíle sa bhreis ag teastáil faoi láthair.

Ceist 4

ainmfhocal	aidiacht	briathar	réamhfhocal simplí	forainm réamhfhoclach
scuaine stáisiún breosla tiománaí fadhb tír	fada teoranta olc (is measa) mór buartha ciallmhar	tar bí tosaigh tuairiscigh ceannaigh ardaigh	le i gan ar ó faoi	acu x2 leis x2 orainn ann

Ceist 5

aghaidh a thabhairt ar – *dul i ngleic le*
lasmuigh – *taobh amuigh*
an tseachtain seo caite – *an tseachtain seo a chuaigh thart*
go dtiocfadh – *go bhféadfadh*
dá bhí – *dá bharr*
seans – *deis*
le haghaidh – *fá choinne*
a chur i gcrích – *a chur i bhfeidhm*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Tá scuainí fada ag stáisiúin pheitрил i Sasana arís inniu agus brú ag teacht ar an rialtas ansan¹ cumhachtaí éigeandála a úsáid chun dul i ngleic le ganntanas breosla. Deir an rialtas go bhfuil go leor peitрил sa tír agus tá iarrtha acu ar dhaoine gan a bheith ag ceannach breosla muna² bhfuil gá leis.

Peadar Mac Gaoithín

Scuaine eile taobh amuigh de stáisiún peitрил i Londain ar maidin agus eagla ar dhaoine nach mbeidh breosla le fáil. B'éigean maoirseoirí a fhostú le smacht a choinneáil ar thiománaithe a bhí trí chéile. Bhí scuainí ar fud na cathrach agus anseo in Kent, in aice láimhe, áit ar rith roinnt stáisiún amach as breosla:

'It's a nightmare. All the way from Stevenage to here we haven't found one yet.'

An tseachtain seo a chuaigh thart a thosaigh an bhrúisc ag na stáisiúin nuair a tuairiscíodh go bhféadfadh ganntanas tiománaithe leoraí cur isteach ar sheachadtaí breosla. Tá cuid den locht á chur ar an Bhreataimeacht. Dá bharr, d'fhógair Rialtas na Breataine scéim víosa teoranta do chúig mhíle tiománaí ó thar lear. Fógraíodh go raibh dlíthe iomaíochta le cur ar fionraí le deis níos fearr a thabhairt do chomhlachtaí ola díriú ar na stáisiúin is measa atá buailte. Tuairiscíodh go raibh an rialtas ag smaointiú³ ar an arm a thabhairt isteach leis an bhrú a mhaolú. Ach dúirt Rúnaí Comhshaoil Shasana, George Eustice, inniu nach raibh sé i gceist go mbeadh saighdiúirí ag tiomáint tancaeir bhreosla⁴.

'We have plenty of petrol,' a dúirt sé agus is é an t-aon chúis nach bhfuil sé ar fáil i ngaráistí faoi láthair ná go bhfuil daoine á cheannach nuair nach bhfuil gá acu leis.

Micheál Ó Curraighin, Nordstar International Transport

Ní shílím féin go mbeidh an ganntanas earraí ná fiú amháin breosla sa tír seo ach bheadh an tír seo faoi bhrú mar tá conarthaí móra a theacht ón Bhreatain anois fá choinne tiománaithe dul siar⁵ ag tiomáint agus conradh a shíniú go dtí i ndiaidh Nollag ann.

Ruairí Ó Murchú TD, Sinn Féin, Coiste Iompair an Oireachtais

Táimid buartha go bhféadfadh fadhbanna sa slabhra soláthair dul i bhfeidhm orainn agus caithfidh an rialtas dul i dteagmháil leis an Tionscadal Tarlaithe Bóthar, an EU agus leis an mBreatain chun réitigh chiallmhara a chur i bhfeidhm.

Peadar Mac Gaoithín

Dúirt Uachtarán Chónaidhm Iompróirí Bóthair na hÉireann⁶, Eugene Drennan, inniu go dteastaíonn 3 mhíle tiománaí leoraí breise sa tír seo faoi láthair agus go n-ardóidh seo go cúig mhíle an bhliain seo chugainn.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ *ansin* an leagan caighdeánach

² *mura* an leagan caighdeánach

³ *smaoineamh* an leagan caighdeánach

⁴ *tancaeirí breosla* a dúradh

⁵ *ag dul soir* atá i gceist is dócha

⁶ *Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann* an téarma oifigiúil